AN tAONTAS EORPACH

PARLAIMINT NA hEORPA | AN CHOMHAIRLE

Strasbourg, 20 Eanáir 2016
(OR. en)

2014/0339 (COD)
LEX 1645

PE-CONS 56/1/15
REV 1

PROAPP 20
CATS 97
CODEC 1284

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE LENA nAISGHAIRTEAR GNÍOMHARTHA ÁIRITHE I RÉIMSE AN CHOMHAIR PHÓILÍNEACHTA AGUS AN CHOMHAIR BHREITHIÚNAIGH IN ÁBHAIR CHOIRIÚLA

**Rialachán (AE) 2015/…**

**Ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**an 20 Eanáir 2016**

**lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse an chomhair phóilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 82(1), 83(1), 87(2) agus 88(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[1],

[1] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Samhain 2015 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 14 Nollaig 2015.

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Is gné riachtanach den straitéis le haghaidh reachtóireacht níos fearr atá á cur chun feidhme ag institiúidí an Aontais trédhearcacht dhlí an Aontais a fheabhsú. Sa chomhthéacs sin, is iomchuí na gníomhartha sin nach bhfuil aon chuspóir acu a thuilleadh a aisghairm.

(2) Tá roinnt gníomhartha a glacadh i réimse an chomhair phóilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla tar éis imeacht as feidhm toisc go bhfuil an méid atá iontu le fáil i ngníomhartha eile a tháinig ina ndiaidh.

(3) Le Gníomhaíocht Chomhpháirteach 96/610/CGB ón gComhairle[1], cruthaíodh Eolaire inniúlachtaí, scileanna agus saineolais speisialaithe frithsceimhlitheoireachta chun go mbeadh fáil níos forleithne agus níos éasca orthu ag gníomhaireachtaí sna Ballstáit go léir. D'imigh an Ghníomhaíocht Chomhpháirteach sin as feidhm tar éis theacht i bhfeidhm Chinneadh 2009/371/CGB ón gComhairle[2], ar cinneadh é lena gcuirtear an cúram ar Europol tacú leis an gcomhar frithpháirteach idir údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát agus é a neartú chun an sceimhlitheoireacht agus cineálacha eile coireachta tromchúisí a chosc agus a chomhrac, agus tar éis theacht i bhfeidhm Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle[3], ar cinneadh é lenar tugadh isteach creat nua ar mhaithe le comhar trasteorann chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac.

---

1 Gníomhaíocht Chomhpháirteach 96/610/CGB an 15 Deireadh Fómhair 1996 a ghlac an Chomhairle ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach maidir le hEolaire inniúlachtaí, scileanna agus saineolais speisialaithe frithsceimhlitheoireachta a chruthú agus a choinneáil chun comhar frithsceimhlitheoireachta idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh a éascú (IO L 273, 25.10.1996, lch. 1).

2 Cinneadh 2009/371/CGB ón gComhairle an 6 Aibreán 2009 lena mbunaítear an Oifig Eorpach Póilíní (Europol) (IO L 121, 15.5.2009, lch. 37).

3 Cinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac (IO L 210, 6.8.2008, lch. 1).

(4) Le Gníomhaíocht Chomhpháirteach 96/699/CGB ón gComhairle[1], ainmníodh Aonad Drugaí Europol mar an t-údarás ar cheart faisnéis ó na Ballstáit i dtaca le próifíliú ceimiceach a sheoladh chuige. D'imigh an Ghníomhaíocht Chomhpháirteach as feidhm tar éis theacht i bhfeidhm Chinneadh 2009/371/CGB.

(5) Bhí sé d'aidhm ag Gníomhaíocht Chomhpháirteach 96/747/CGB ón gComhairle[2] an comhar idir gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí na mBallstát a neartú trí eolaire réimsí inniúlachtaí, scileanna agus saineolais speisialaithe a chruthú. D'imigh an Ghníomhaíocht Chomhpháirteach sin as feidhm tar éis theacht i bhfeidhm Chinneadh 2009/371/CGB, ar cinneadh é lena gcuirtear an cúram ar Europol eolas speisialaithe ar nósanna imeachta imscrúdaitheacha údaráis inniúla na mBallstát a fhorbairt agus comhairle a thabhairt faoi imscrúduithe.

---

1 Gníomhaíocht Chomhpháirteach 96/699/CGB an 29 Samhain 1996 a ghlac an Chomhairle ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir le malartú faisnéise faoi phróifíliú ceimiceach drugaí chun comhar feabhsaithe a éascú idir na Ballstáit sa chomhrac i gcoinne na gáinneála aindleathaí ar dhrugaí (IO L 322, 12.12.1996, lch. 5).

2 Gníomhaíocht Chomhpháirteach 96/747/CGB an 29 Samhain 1996 a ghlac an Chomhairle ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir le heolaire inniúlachtaí, scileanna agus saineolais speisialaithe a chruthú agus a choinneáil i dtaca leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe idirnáisiúnta, chun comhar i bhforfheidhmiú an dlí idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh a éascú (IO L 342, 31.12.1996, lch. 2).

(6) Bhí sé d’aidhm ag Gníomhaíocht Chomhpháirteach 96/750/CGB ón gComhairle[1] an comhar idir údaráis ábhartha na mBallstát sa chomhrac i gcoinne na handúile i ndrugaí a neartú agus iarraidh ar na Ballstáit a ndlíthe a chomhfhogasú agus iad a dhéanamh comhoiriúnach lena chéile a mhéid is gá chun an gháinneáil neamhdhleathach ar dhrugaí a chosc agus a chomhrac san Aontas. D’imigh an Ghníomhaíocht Chomhpháirteach sin as feidhm tar éis theacht i bhfeidhm an Choinbhinsiúin um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh a bunaíodh le Gníomh 2000/C 197/01 ón gComhairle[2] agus theacht i bhfeidhm Chinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle[3].

---

1 Gníomhaíocht Chomhpháirteach 96/750/CGB an 17 Nollaig 1996 a ghlac an Chomhairle ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach maidir le comhfhogasú dhlíthe agus chleachtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh chun an andúil i ndrugaí a chomhrac agus chun an gháinneáil neamhdhleathach ar dhrugaí a chosc agus a chomhrac (IO L 342, 31.12.1996, lch. 6).

2 Gníomh 2000/C 197/01 ón gComhairle an 29 Bealtaine 2000 lena mbunaítear, i gcomhréir le hAirteagal 34 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, an Coinbhinsiún um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh (IO C 197, 12.7.2000, lch. 1)

3 Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2004 lena leagtar síos forálacha íosta maidir leis na heilimintí a chomhdhéanann gníomhartha coiriúla agus maidir le pionóis i réimse na gáinneála neamhdhleathaí ar dhrugaí (IO L 335, 11.11.2004, lch. 8).

(7) Le Gníomhaíocht Chomhpháirteach 97/339/CGB ón gComhairle[1] bhí na Ballstáit in ann obair i gcomhar le chéile agus tugadh an t-údarás dóibh faisnéis a roinnt maidir le himeachtaí ar mhórscála ar a bhfreastalaíonn líon mór daoine ó níos mó ná Ballstát amháin, chun an t-ord poiblí a chaomhnú, daoine agus a gcuid maoine a chosaint, agus cionta coiriúla a chosc. D'imigh an Ghníomhaíocht Chomhpháirteach sin as feidhm tar éis theacht i bhfeidhm Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle, Chinneadh 2002/348/CGB ón gComhairle[2] agus Chinneadh 2007/412/CGB[3], ar cinntí iad lena bhforáiltear do rialacha nua i ndáil le malartú sonraí neamhphearsanta agus pearsanta agus cineálacha eile comhair chun an t-ord poiblí agus an tslándáil a chaomhnú i gcás mórimeachtaí.

---

1 Gníomhaíocht Chomhpháirteach 97/339/CGB an 26 Bealtaine 1997 a ghlac an Chomhairle ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach maidir le comhar i dtaca leis an ord poiblí agus leis an tslándáil (IO L 147, 5.6.1997, lch. 1).

2 Cinneadh 2002/348/CGB ón gComhairle an 25 Aibreán 2002 maidir le slándáil i dtaca le cluichí sacair lena mbaineann gné idirnáisiúnta (IO L 121, 8.5.2002, lch. 1).

3 Cinneadh 2007/412/CGB ón gComhairle an 12 Meitheamh 2007 lena leasaítear Cinneadh 2002/348/CGB maidir le slándáil i dtaca le cluichí sacair lena mbaineann gné idirnáisiúnta (IO L 155, 15.6.2007, lch. 76).

(8) Bhí sé d'aidhm ag Gníomhaíocht Chomhpháirteach 97/372/CGB ón gComhairle[1] malartú faisnéise agus eolais a mhéadú idir údaráis chustaim agus údaráis eile forfheidhmithe dlí, go háirithe maidir le drugaí. D'imigh an Ghníomhaíocht Chomhpháirteach sin as feidhm tar éis theacht i bhfeidhm Ghníomh 98/C 24/01 ón gComhairle[2], gníomh lenar dréachtaíodh an Coinbhinsiún um Chúnamh agus Comhar Frithpháirteach idir Riaracháin Chustaim, lenar tugadh rialacha mionsonraithe isteach maidir le cúnamh agus comhar frithpháirteach idir na Ballstáit chun sáruithe ar fhorálacha náisiúnta custaim a chosc agus a bhrath, agus tar éis theacht i bhfeidhm Chinneadh 2009/917/CGB ón gComhairle[3], ar cinneadh é a mhéadaíonn éifeachtacht nósanna imeachta comhair agus rialaithe na n-údarás custaim trí chóras eolais custaim a bhunú agus tar éis theacht i bhfeidhm Chinneadh 2009/371/CGB, ar cinneadh é lena gcuirtear an cúram ar Europol tacú le comhar custaim.

---

1 Gníomhaíocht Chomhpháirteach 97/372/CGB an 9 Meitheamh 1997, a ghlac an Chomhairle ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, chun critéir spriocdhírithe agus modhanna roghnúcháin, etc. a scagadh, agus chun faisnéis chustaim agus phóilíneachta a bhailiú (IO L 159, 17.6.1997, lch. 1).

2 Gníomh 98/C 24/01 ón gComhairle an 18 Nollaig 1997 ag dréachtú, ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, an Choinbhinsiúin um chúnamh agus comhar frithpháirteach idir riaracháin chustaim (IO C 24, 23.1.1998, lch.1).

3 Cinneadh 2009/917/CGB ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le húsáid na teicneolaíochta faisnéise chun críocha custaim (IO L 323, 10.12.2009, lch. 20).

(9) Níor dhaingnigh ach seacht mBallstát Coinbhinsiún an 17 Meitheamh 1998 maidir le Dícháiliúcháin ón Tiomáint, arna dhréachtú le Gníomh 98/C 216/01 ón gComhairle[1], agus níor tháinig an Coinbhinsiún sin i bhfeidhm riamh. Ina theannta sin, i measc na seacht mBallstát sin, ní raibh dearbhú déanta ach ag Éirinn agus ag an Ríocht Aontaithe i gcomhréir le hAirteagal 15(4) den Choinbhinsiún sin a cheadaigh go mbeadh feidhm ag an gCoinbhinsiún eatarthu sula dtiocfadh sé i bhfeidhm i ngach Ballstát. Mar sin féin, tar éis fógra a bheith tugtha ag an Ríocht Aontaithe an 24 Iúil 2013 i gcomhréir leis an gcéad abairt den chéad fhomhír d'Airteagal 10(4) de Phrótacal Uimh. 36 maidir le forálacha idirthréimhseacha, tá an Gníomh sin ón gComhairle agus an Coinbhinsiún sin scortha d'fheidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe amhail ón 1 Nollaig 2014, de bhun an dara habairt den chéad fhomhír d'Airteagal 10(4) den Phrótacal sin. Toisc nach bhfuil na hionstraimí sin infheidhme a thuilleadh idir aon cheann de na Ballstáit, tá a n-ábharthacht in *acquis* an Aontais caillte acu agus ba cheart iad a aisghairm.

(10) Le Gníomhaíocht Chomhpháirteach 98/427/CGB ón gComhairle[2], bunaíodh córas maidir le dea-chleachtas a mhalartú idir na Ballstáit ar mhaithe le hiarrataí ar chúnamh dlíthiúil in ábhair choiriúla a chomhlíonadh. D'imigh an Ghníomhaíocht Chomhpháirteach sin as feidhm tar éis theacht i bhfeidhm an Choinbhinsiúin um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir na Ballstáit.

---

1 Gníomh 98/C 216/01 ón gComhairle an 17 Meitheamh 1998 ag dréachtú an Choinbhinsiúin maidir le Dícháiliúcháin ón Tiomáint (IO C 216, 10.7.1998, lch. 1).

2 Gníomhaíocht Chomhpháirteach 98/427/CGB an 29 Meitheamh 1998, a ghlac an Chomhairle ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir le dea-chleachtas i gcúnamh dlíthiúil frithpháirteach in ábhair choiriúla (IO L 191, 7.7.1998, lch. 1).

(11) Cuireadh Treoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] maidir leis an Ordú Eorpach um Imscrúduithe (EIO) in ionad Chinneadh Réime 2008/978/CGB ón gComhairle[2] maidir leis an mBarántas Fianaise Eorpach (EEW) toisc go raibh raon feidhme EEW ró-theoranta. Ós rud é go mbeidh feidhm ag EIO idir 26 Bhallstát agus nach mbeidh feidhm ag EEW ach amháin idir an dá Bhallstát nach bhfuil rannpháirteach in EIO, níl EEW úsáideach, dá bhrí sin, a thuilleadh mar ionstraim le haghaidh comhar in ábhair choiriúla agus ba cheart é a aisghairm.

(12) Ar mhaithe le deimhneacht agus soiléire dhlíthiúil, ba cheart na Gníomhaíochtaí Comhpháirteacha sin atá imithe as feidhm, an Coinbhinsiún sin, an Gníomh sin ón gComhairle agus an Cinneadh Réime sin a aisghairm.

(13) Cé go bhforáiltear in Airteagal 83(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) do threoracha a ghlacadh, is é an rogha i ndáil le rialachán mar ionstraim chun Gníomhaíocht Chomhpháirteach 96/750/CGB agus Cinneadh Réime 2008/978/CGB a aisghairm an rogha iomchuí ós rud é nach mbunaítear leis an Rialachán seo rialacha íosta maidir le cionta agus smachtbhannaí coiriúla a shainiú, ach ní dhéantar ach gníomhartha atá imithe as feidhm a aisghairm leis gan gníomhartha nua a chur ina n-ionad.

---

1 Treoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach in ábhair choiriúla (IO L 130, 1.5.2014, lch. 1).

2 Cinneadh Réime 2008/978/CGB ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 maidir leis an mBarántas Fianaise Eorpach chun earraí, doiciméid agus sonraí a fháil le húsáid in imeachtaí in ábhair choiriúla (IO L 350, 30.12.2008, lch. 72).

(14) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon roinnt gníomhartha de chuid an Aontais i réimse an chomhair phóilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla atá imithe as feidhm a aisghairm, a ghnóthú go leordhóthanach ach gur féidir é a bhaint amach níos fearr ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin é, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

(15) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(16) I gcomhréir le hAirteagal 3 agus le hAirteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, tá fógra tugtha ag Éirinn gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(17) Tar éis an fógra a bheith tugtha ag an Ríocht Aontaithe an 24 Iúil 2013 i gcomhréir leis an gcéad abairt den chéad fhomhír d’Airteagal 10(4) de Phrótacal Uimh. 36 maidir le forálacha idirthréimhseacha, tá scortha ag Gníomhaíochtaí Comhpháirteacha 96/610/CGB, 96/699/CGB, 96/747/CGB, 96/750/CGB, 97/339/CGB, 97/372/CGB agus 98/427/CGB, agus Gníomh 98/C 216/01 ón gComhairle d’fheidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe amhail ón 1 Nollaig 2014, de bhun an dara habairt den chéad fhomhír d’Airteagal 10(4) den Phrótacal sin. Dá bhrí sin, níl an Ríocht Aontaithe rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo i ndáil leis na gníomhartha dlíthiúla sin agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.Mar sin féin, i gcomhréir leis an tríú habairt den chéad fhomhír d’Airteagal 10(4) den Phrótacal sin, lean Cinneadh Réime 2008/978/CGB, faoi mar a cuireadh Treoir 2014/41/AE ina ionad, de bheith infheidhme maidir leis an Ríocht Aontaithe. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 3 agus le hAirteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, tá fógra tugtha ag an Ríocht Aontaithe gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Gníomhartha atá imithe as feidhm a aisghairm*

Aisghairtear na gníomhartha seo a leanas:

- Gníomhaíocht Chomhpháirteach 96/610/CGB (eolaire d'inniúlachtaí frith-sceimhlitheoireachta),
- Gníomhaíocht Chomhpháirteach 96/699/CGB (próifíliú ceimiceach drugaí),
- Gníomhaíocht Chomhpháirteach 96/747/CGB (eolaire d'inniúlachtaí don chomhrac in aghaidh na coireachta eagraithe),
- Gníomhaíocht Chomhpháirteach 96/750/CGB (andúil i ndrugaí agus an gháinneáil ar dhrugaí a chomhrac),
- Gníomhaíocht Chomhpháirteach 97/339/CGB (comhar i dtaca leis an ord poiblí agus leis an tslándáil),
- Gníomhaíocht Chomhpháirteach 97/372/CGB (comhar idir údaráis chustaim),
- Gníomh 98/C 216/01 ón gComhairle agus Coinbhinsiún an 17 Meitheamh 1998 (dícháiliúcháin ón tiomáint),
- Gníomhaíocht Chomhpháirteach 98/427/CGB (dea-chleachtas i gcúnamh dlíthiúil frithpháirteach in ábhair choiriúla), agus
- Cinneadh Réime 2008/978/CGB (barántas fianaise Eorpach).

*Airteagal 2*

*Foráil idirthréimhseach*

Aon bharántas fianaise Eorpach a forghníomhaíodh faoi Chinneadh Réime 2008/978/CGB leanfaidh sé de bheith faoi rialú ag an gCinneadh Réime sin go dtí go dtabharfar na himeachtaí coiriúla ábhartha chun críche le cinneadh cinntitheach.

*Airteagal 3*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |